# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2023

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Teicneolaíocht Adhmaid

# Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Nótaí mínithe le húsáid i dTeicneolaíocht Adhmaid do 2023**

Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim mharcála.

| Nóta mínithe | Úsáid | Marcanna (más iomchuí) |
|---|---|---|
| ✓1 | Faisnéis bhailí | 1 |
| ✓2 | Faisnéis bhailí | 2 |
| ✓3 | Faisnéis bhailí | 3 |
| ✓4 | Faisnéis bhailí | 4 |
| ✓5 | Faisnéis bhailí | 5 |
| ✓6 | Faisnéis bhailí | 6 |
| ✓7 | Faisnéis bhailí | 7 |
| ✓8 | Faisnéis bhailí | 8 |
| ✓ | Faisnéis ábhartha | N/B |
| [0] | Freagra mícheart | 0 |
|  | Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir / faisnéis neamhbhailí | N/B |


Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

***Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2023***

# *Teicneolaíocht Adhmaid*

## *Comhleibhéal*


## *Scéim Mharcála*





*Léirítear na réitigh shamplacha thíos mar fhreagraí samplacha.*
*Tá gach réiteach bailí eile inghlactha agus marcáiltear iad dá réir.*





Freagair gach ceist.



## Ceist 1

| C. | FREAGRA | ÍOMHÁ(NNA) | MARC |
|---|---|---|---|
| (a) | **(i) Dhá chúis le crainn dhúchasacha Éireannacha a chur.**<br>• Tugann siad carachtar dár gceantair tuaithe agus uirbeacha<br>• Lorg laghdaithe carbóin<br>• Cuireann siad gnáthóg ar fáil d'fhiadhúlra agus plandaí dúchasacha Éireannacha<br>• Feileann siad níos fearr dár n-aeráid<br>• Téann siad i ngleic leis an ngéarchéim aeráide |  | (2 + 2)<br>**4 mharc** |
| | **(ii) Aithin na duilleoga crainn**<br>**A** – Péine Albanach<br>**B** – Dair<br>**C** – Cuileann |  | (1 an ceann)<br>**3 mharc** |
| (b) | **(i) Dhá tairbhí a bhaineann leis an bhforaoiseacht.**<br>• Cuireann sí gnáthóg ar fáil d'éin, ainmhithe, feithidí, plandaí, srl.<br>• Cuireann sí áit fóillíochta ar fáil do dhaoine<br>• Gineann sí ocsaigin agus súnn sí dé-ocsaíd charbóin<br>• Laghdaíonn sí an truailliú<br>• Laghdaíonn sí tuilte in áit ar leith<br>• Feabhsaíonn sé ár gcuid sláinte agus folláine |  | (2 + 2)<br>**4 mharc** |
| | **(ii) Dhá thréith de chrann buaircíneach**<br>• Cruth cóin ar an gcoróin<br>• Duilleoga i bhfoirm snáthaide<br>• Stoc fada díreach a bhfuil caolú beag ann<br>• Tosaíonn fás na ngéag go híseal<br>• Tá síolta sna caora péine<br>• Síorghlas – ní chailltear na duilleoga sa bhFómhar/sa nGeimhreadh<br>• Fréamhchóras éadomhain |  | (1 + 3)<br>**4 mharc**<br>(1 + 3)<br>**4 mharc** |



<table>
<tr><td rowspan="3">(c)</td><td>(i) Ainmnigh na codanna a bhfuil na lipéid A agus B orthu.<br><br>A – Croí-adhmad<br>B – Coirt</td><td rowspan="2"></td><td>(1 + 1)<br>2 mharc</td></tr>
<tr><td>(ii) Luaigh feidhm amháin atá ag gach cuid.<br><br>A<br>• Tugann sé láidreacht agus seasmhacht don chrann<br><br>B<br>• Cosnaíonn sé an crann<br>• Cuireann siad cosc le galú taise agus mianraí ón stoc</td><td>(2 + 2)<br>4 mharc</td></tr>
<tr><td colspan="2">(iii) Sceitse den trasghearradh agus cuir lipéad le haon dá chuid eile.<br><br></td><td>4 mharc</td></tr>
<tr><td colspan="3">Iomlán Cheist 1</td><td>29 marc</td></tr>
</table>

## Ceist 2


| C. | FREAGRA | ÍOMHÁ(NNA) | MARC |
|---|---|---|---|
| (a) | **Tarraing aghaidhchaoin agus slioschaoin sna háiteanna cearta.** |  | **2 mharc** |
| (b) | **Ainmnigh agus sceitseáil uirlis amháin mharcála amach.**<br><br>Bacart, rianaire marcála, rialóir, beibheal sleamhnáin..... |  | (1 + 4)<br>**5 mharc** |
| (c) | **(i) Ainmnigh an uirlis seo mharcála.**<br><br>Siséal beibhealfhaobhrach |  | **1 mharc** |
| | **(ii) Cuir gach céim le chéile.**<br> | | (1 an ceann)<br>**3 mharc** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(d)** | **Ainmnigh na sábha seo agus tabhair buntáiste a bhaineann le húsáid gach cinn...**<br><br>**Ainm:** Scrollsábh<br><br>**Buntáiste:** gearradh sáibh atá an-chaol/chruinn, níos sciobtha an cruth a ghearradh amach, baintear amach an mhin sáibh |  | (1 + 2)<br>**3 mharc** |
| | **Ainm:** Sábh cóipeála<br><br>**Buntáiste:** níl gá le leictreachas, éasca é a úsáid, éasca lanna nua a chur isteach, sábháilte (tá an dá lámh ar an hanla)... |  | (1 + 2)<br>**3 mharc** |
| **(e)** | **Luaigh dhá chúis gur gá bailchríoch a chur ar an dromchla**<br>• Cosnaíonn sé an t-adhmad<br>• Feabhsaíonn sé an buanfas<br>• An chuma atá ar an seastán a fheabhsú<br>• Seasann sé in aghaidh taise<br>• Cuireann sé cosc le lobhadh<br>• Tá sé éasca é a ghlanadh<br>Aon chúis eile atá cuí ceart | | (2 + 1)<br>**3 mharc** |
| **(f)** | **Dear póstaer a mhíníonn dhá chéim ar bith a theastaíonn chun bailchríoch ghléineach a chur leis an seastán peann luaidhe.**<br>• Ainmnigh bailchríoch ghléineach<br>• Cuir an chéad chóta leis ag baint úsáid as éadach/scuab/rubar cuí...<br>• Lig don bhailchríoch triomú<br>• Greanáil go héadrom idir cótaí (más cuí)<br>• Cuir an dara cóta agus cótaí ina dhiaidh sin leis (ag greanáil go héadrom idir cótaí)<br>Aon chéim oiriúnach eile |  | **8 marc** |
| | | **Iomlán Cheist 2** | **28 marc** |


## Ceist 3

| C. | FREAGRA | ÍOMHÁ(NNA) | MARC |
|---|---|---|---|
| **(a)** | **Ainmnigh i gceart an cineál seo múnlála agus luaigh cúis amháin leis an múnláil seo a chur leis an seastán císte.**<br><br>Seaimféar ☑<br>Tomhas ☐<br><br>**Cúis:**<br>• An chuma a fheabhsú<br>• A faobhar géar/cearnógach a bhaint amach |  | (1 + 1)<br>**2 mharc** |
| **(b)** | **Luaigh crua-adhmad amháin atá feiliúnach agus cúis amháin le do rogha.**<br><br>**Crua-adhmad feiliúnach:** Dair, fuinseog, feá, leamhán, mahagaine, gallchnó, ...<br><br>**Cúis:**<br>Aon chúis chuí a bhaineann leis an adhmad atá roghnaithe. | | (1 + 2)<br>**3 mharc** |
| **(c)** | **(i) Ainmnigh an modh stáluithe seo**<br><br>Stálú nádúrtha / faoin aer |  | **2 mharc** |
| | **(ii) Dhá bhuntáiste a bhaineann leis an modh seo.**<br><br>• Ní chuirtear fuinneamh amú<br>• Neamhdhíobhálach don timpeallacht<br>• Sách saor<br>• Níl gá le trealamh speisialta | | (2 + 2)<br>**4 mharc** |
| | **(iii) Ainmnigh modh stálaithe adhmaid amháin eile.**<br><br>Stálú áithe / stálú saorga | | **1 mharc** |
| | **(iv) Luaigh le tic (✓) ...** | | (1 an ceann)<br>**4 mharc** |

| Stálú | Fíor | Bréaga |
|---|---|---|
| Laghdaíonn stálú an cion taise san adhmad | ✓ | |
| Is éasca adhmad a oibriú tar éis a stálaithe | ✓ | |
| Is féidir le stálú a bheith ina chúis le hionsaí feithide agus fungais | | ✓ |
| Éiríonn adhmad níos troime tar éis dó a bheith stálaithe | | ✓ |


| | | | |
|---|---|---|---|
| **(d)** | **(i) Ainmnigh na codanna a bhfuil na lipéid A agus B orthu ...**<br><br>**A** – Taca uirlisí<br>**B** – Cúlstoc | <br> | (1 + 1)<br>**2 mharc** |
| | **(ii) Dhá réamhchúram ar leith sábháilteachta**<br><br>• Aghaidhsciath a chaitheamh<br>• Cinntiú go bhfuil an píosa oibre fáiscthe go slán<br>• An píosa a chasadh sula dtosaítear air leis an saor-bhogadh a chinntiú<br>• Gruaig fhada/éadach scaoilte a cheangal<br>• Seodra a bhaint díot<br>• An taca uirlisí a bhaint amach agus tú ag greanáil<br>• Cloí le Prótacail Oibriú Sábháilte (POS)<br><br>Aon réamhchúram eile atá feiliúnach | | (2 + 2)<br>**4 mharc** |
| **(e)** | **Déan cur síos ar dhá chéim a theastaíonn chun an bloc a ullmhú le feistiú ar an deil**<br><br>• Tarraing na trasnáin ar an dá thaobh den phíosa chun a lár a aimsiú<br>• Tarraing an ciorcal is mó ag baint úsáid as compás<br>• Tarraing ochtagán ar an dá thaobh den phíosa<br>• Cuir an t-adhmad sa mbís agus plánáil na coirnéil le cruth an ochtagáin<br>• Cuir poll i lár an adhmaid chun an lár tiomána a aimsiú<br><br>Aon chéim oiriúnach eile |  | (1 + 3)<br>**4 mharc**<br><br>(1 + 3)<br>**4 mharc** |
| | | **Iomlán Cheist 3** | **30 marc** |

## Ceist 4

| C. | FREAGRA | ÍOMHÁ(NNA) | MARC |
|---|---|---|---|
| (a) | **(i) Dhá cheist ar chóir imscrúdú/taighde a dhéanamh orthu nuair a bhíonn an seastán á dhearadh**<br>• Tomhas ghléas cinn cluichíochta<br>• An chaoi a bhféadfaí an gléas cinn cluichíochta suí ar sheastán<br>• Sábháilteacht an tseastáin – faobhair géara, bailchríoch, srl<br>• Ábhair fhéideartha a bhféadfaí úsáid a bhaint astu chun an seastáin a dhéanamh<br>• Ailt fhéideartha adhmaid a bhféadfaí úsáid a bhaint astu<br>• Cruth, seasmhacht, éascaíocht, aeistéiticí...<br>Aon cheist eile atá feiliúnach |  | (2 +1)<br>**3 mharc** |
| | **(ii) Luaigh trí thic a úsáid ...** | | (1 an ceann)<br>**4 mharc** |



| Taighde | Primary | Secondary |
|---|---|---|
| Agallamh á dhéanamh | ✓ | |
| An t-idirlíon a úsáid chun íomhánna a íoslódáil | | ✓ |
| Eolas a lorg i leabhair Teicneolaíochta Adhmaid | | ✓ |
| Pictiúir a ghlacadh de réada comhchosúla eile i siopa | ✓ | |

**(b) (i) Tarraing sceitse cruinn saorláimhe d'airde an tseastáin** — **4 mharc**



**(ii) Críochnaigh an liosta gearrtha don seastán ghléas cinn a thugtar sa tábla thíos** — (1 an ceann) **3 mharc**

| Cur síos | Líon | Fad | Leithead | Tiús |
|---|---|---|---|---|
| Bonn | 1 | ***180*** | 100 | 20 |
| Taca láir | 1 | ***280 / 300*** | 44 | 30 |
| Barr an seastán | 1 | 200 | ***44*** | 30 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(c)** | **(i) Ainmnigh an t-alt a thaispeántar ...**<br><br>Béalalt |  | **2 mharc** |
| | **(ii) Luaigh buntáiste amháin agus míbhuntáiste amháin a bhaineann leis an alt a úsáid**<br><br>**Buntáiste:** alt an-láidir, dromchla mór gur féidir gliú a chur air, alt maisiúil, is féidir é a dhéanamh trí uirlisí láimhe a úsáid, ...<br><br>**Míbhuntáiste:** go leor i gceist leis an alt a dhéanamh, is féidir an snáithe cinn a fheiceáil, ard-leibhéal cruinnis ag teastáil, ...<br><br>Aon bhuntáiste nó míbhuntáiste eile atá feiliúnach | | (2 + 2)<br>**4 mharc** |
| | **(iii) Ainmnigh agus sceitseáil alt ar bith eile féideartha ...**<br><br>Leathalt, leathalt déadach, moirtís is tionúr, dualalt, ... |  | (1 + 4)<br>**5 mharc** |
| **(d)** | **Déan athdhearadh ar an seastán gléas cinn a thugtar chun áis a chur ann dhá rialaitheoir cluichíochta a choinneáil.**<br><br>Cur i láthair an réitigh dearaidh:<br>1. **Bun**aonad gan machnamh ar bith ar mhaithe le stóráil agus rochtain na rialaitheoirí - sceitse amháin (2 mharc)<br><br>2. Iarracht **áirithe** déanta na rialaitheoirí a stóráil le go bhfuil rochtain éasca orthu i seastán/aonad tarraingteach, feiliúnach - le nótaí ann (4 mharc)<br><br>3. Dearadh a bhfuil sceitse **maith** leis, le roinnt nótaí agus cruthaitheacht le feiceáil do stóráil na rialaitheoirí le go mbeidh rochtain éasca orthu – le nótaí ann (6 mharc)<br><br>4. Dearadh a bhfuil sceitse ar chaighdeán **an-mhaith** leis an seastán/aonad, a léiríonn nuálaíocht difriúil agus cruthaitheacht le stóráil na rialaitheoirí le go bhfuil rochtain éasca orthu. Is gá go mbeidh an sceitse rindreáilte nó faoi scáth agus nótaí ag gabháil leis (8 marc) | | **8 marc** |
| | | **Iomlán Cheist 4** | **33 marc** |

## Scéim Marcála na hOibre Cúrsa 2023

| Fóilió Mo Thuras Dearaidh | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal** | **Cur síos** | **Marcanna** |
| **Achoimre a Iniúchadh** | **Ní bheidh á scrúdú in 2023** | |
| **Fiosrú** | **Ní bheidh á scrúdú in 2023** | |
| **Smaointe a ghiniúint** | **Ní bheidh á scrúdú in 2023** | |
| **Mo rogha dearaidh** & **an chosaint** | An réiteach dearaidh is rogha leat a chur i láthair<br>Smaoinigh ar agus cosain na cinntí dearaidh a rinne tú chun teacht ar an dearadh is rogha leat | 20 |
| **Líníochta(í) oibre** / **Sceitsí** | **Ní bheidh á scrúdú in 2023** | |
| **Meastóireacht** & **Athmhachnamh ar an bhfoghlaim** | Pléigh na rudaí ar éirigh leo, na dúshláin agus na nithe a d'fhoghlaim tú agus an obair chúrsa á comhlánú agat | 15 |
| **An déantúsán** | | |
| **Comhlíonann an déantúsán an achoimre** | Comhlíonadh riachtanais na hachoimre sa déantúsán a cuireadh i láthair | 30 |
| **Úsáid éifeachtach ábhar, phróiseas agus theicnící** | Úsáid inbhuanaithe agus úsáid chuí na n-ábhar, na bpróiseas agus na dteicnící agus an déantúsán á chur i gcrích | 20 |
| **Cruthaitheacht** | Cumadóireacht agus samhlaíocht léirithe sa déantúsán a cuireadh i láthair | 30 |
| **Ceardaíocht, scileanna agus teicnící** | Foirfeacht ceardaíochta léirithe i dtógáil an déantúsáin | 60 |
| **Cóimeáil an déantúsáin** | Cé chomh maith is a rinneadh an déantúsán a chóimeáil | 10 |
| **Bailchríoch a chur ar an déantúsán** | Tá bailchríoch atá ar ard-chaighdeán curtha ar ábhair an déantúsáin | 20 |
| **Cur i láthair** | Cur i láthair foriomlán an déantúsáin chríochnaithe | 20 |
| | **Móriomlán an Obair Chúrsa i 2023** | **225** |